



Conclúidí ón gComhairle i ndáil le plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar

Ghlac an Chomhairle **conclúidí** i ndáil le **plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar**. Feabhsófar cur chun feidhme na dtreoracha dúlra leis an bplean ionas go seasfaidh siad le barr a gcumais. Léirigh na hairí gur thacaigh siad le plean gníomhaíochta an Aontais, a bhfuil sé mar aidhm leis aghaidh a thabhairt, trí bhíthin ceithre réimse tosaíochta agus 15 ghníomh nithiúla, ar roinnt bearnaí a aithníodh i gcur chun feidhme an phlean. Is léiriú iad na conclúidí seo ar thiomantas láidir an Aontais do speicis agus do ghnáthóga nádúrtha a chosaint agus do dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo chuspóir 2030 an Aontais agus i dtaca le cailliúint na seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a aisiompú. Sna conclúidí, iarrtar freisin ar ghníomhaithe an Aontais, ar gach leibhéal, dlús a chur lena gcomhar comhpháirteach ar mhaithe le dul chun cinn ceart a dhéanamh.

- [Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an bhfiadhúlra, daoine agus an geilleagar](#)

Press office - General Secretariat of the Council of the EU

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319

press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press